# Béaloideas Éireann

III
K. 6.

LEABHARLANN
CHOIMISIÚN
BÉALOIDEASA
ÉIREANN

Ċuireas an leaḃrán so le ċéile
1937 le haġaiḋ
Scéim na Scoileanna
Seán Ó Súilleaḃáin

Béaloideas Éireann

# Béaloideas Éireann

An leaḃrán seo atá curṫa i n-eagar ag Coimisiún Béaloideasa Éireann, tá sé á ċur amaċ mar eolas do Ḃainisteóirí agus d'Oidí Scol Náisiúnta.

An Roinn Oideaċais,
Meán Foġṁair, 1937.

Seán Ó Murċaḋa

# RÉAṀ-RÁḊ

Obair náisiúnta iseaḋ ’seanċas na h-Éireann do ċnuasaċ. Ní fearr daoine ċun láṁ ċonganta do ṫaḃairt san obair sin ná na múinteoirí agus na leanḃaí fásta atá fé n-a gcúram.

Seanċas é seo do ṁair ó ḃéal go béal i measc na ndaoine le sinnsearaċt. Ba ċuma cad é an t-anró gur gaḃ muinntir na h-Éireann tríd do lean an litriḋeaċt ḃéil seo dá gcuiṁne i gcoṁnuiḋe á ṁúnlú agus á ṡíor-ċasaḋ do réir a ċéile. Seanċas é atá á ṁúċaḋ go tiuġ anois, áṁ.

I gcnuasaċ an tseanċais ní mór cuiṁneaṁ i gcoṁnuiḋe gur ceart gaċ leagan do nós agus do ṗíosa seanċais agus gaċ innsint ar scéal do scríoḃaḋ síos. Ceapann daoine gur cailleaṁaint aimsire scéal do ḃreacaḋ síos ó ṡean-ċaiḋe má cuireaḋ síos i n-áit éigin eile nó ó ṡeanċaiḋe eile ċeana féin é. Mí-tuiscint ṁór é sin. Ní mar a ċéile a ḃíonn scéal i n-aon dá ċeanntar ná ag aon dá ṡeanċaiḋe. Is fíor gurb é an ḃun-innsint ċéadna do ḃí orṫa go léir i dtosaċ, aċ caiṫfear na céadta leagan do’n scéal ó gaċ áird de’n tír d’iniúċaḋ agus do ċur i gcomparáid le ċéile sara ḃféadfar an leagan bunúsaċ do ḋéanaṁ amaċ. An ċuid a ḃeiḋ i n-easnaṁ ar innsint ṡeanċaiḋe aṁáin beiḋ sé ar faġáil ó ḋuine eile.

Is mó níḋ tábaċtaċ a foġluimiġtear do ṫoraḋ na comparáide seo a ḋéanaṁ. Is léir, uaireannta, go ḃfuil nós nó pisreóg aṁáin nó scéal do ṡaġas fé leiṫ ana-ċoitċianta i mballaiḃ áiriṫe agus ana-ġann i n-áiteannaiḃ eile. Caiṫfiḋ cúis a ḃeiṫ leis sin. Caḃróċaiḋ luċt seandálaiḋeaċta agus ugdair staire le luċt iniúċta an tseanċais ċun na h-aiḋbe do réiḋteaċ. Ṁar ṡompla air sin, do ḃí luċt an tseanċais do ċnuasaċ sa tSualainn i bponnc ar feaḋ i ḃfad i dtaoḃ gné áiriṫe do’n aḋḃar a ḃí á ḃailiú aca. Is mar seo do ḃí: Nuair do bailiġeaḋ na mílte scéal i dtaoḃ sprideanna do ḃíoḋ á ḟeiscint i ḃfuirm ainṁiḋe do tugaḋ fé ndeara gur i ḃfuirm capaill do ċítí an sprid i gcuid ṁór do’n tír; i ḃfuirm muice do ḃíoḋ sí i n-áit eile. Ḃí cúis leis sin aċ ċuaiḋ díoḃ an ċeist a réiḋteaċ go dtí gur cruṫuiġeaḋ i ndeire báire le caḃair scoláirí i mbrainnsí eile léiġinn gur

capaill amháin a bhíodh ag na daoine na mílte blian ó ṡin sa ċuid sin do'n tír go mbíodh an sprid ċapaill á feiscint ann agus nać capaill aċ muca do ḃíoḋ ar an ḃfeirm ag na daoine sa tarna cuid. Ċabruiġ na brainnsí léiġinn le ċéile ċun an eolais sin do ḋeiṁniú agus crutuiġeaḋ go raiḃ bunús ciallṁar réasúnta leis na scéalta spride seo. Mara mbeaḋ gur bailiġeaḋ na céadta díoḃ, áṁ, ní taḃarfaí fé ndeara an deifríoċt ḃunúsaċ do ḃí eatorta i gcuid do'n tír seaċas i gcuid eile ná ní crutóċtaí go deiṁniteaċ nárḃ é an treaḃ céadna daoine do ṡealḃuiġ na h-áiteanna sin i dtosaċ.

Cuid dos na nósanna, ⁊rl., atá sa tír seo leanadar á ċleaċtaḋ ó Aois na Cré-Uṁa go dtí an lá indiu. A ṫuille aca is le teaċt na Críostaiḋeaċta do ṫosnuiġeadar. Tá a lán le foġluim againn ó'n gcuid do ṡeanċas na ndaoine d'éiriġ sa dá ré sin i dtaoḃ an ḃaint do ḃí ag ár sinnsir leis an dá linn sin leis an saoġal amuiġ.

Cuid ṁór ṡaiḋḃir do ṡeanċas na ndaoine i n-Éirinn iseaḋ an t-aḋḃar do scaipeaḋ sa tír seo le teaċt na Manaċ oċt gcéad blian ó ṡin. Is ó Oirṫear na h-Eorpa do ṫáiniġ na Soluíd-scéalta (exempla) d'innseaḋ na Manaiġ mar ṁíniú ar ġnéiṫe áiriṫe do'n Ċreideaṁ. Do cuireaḋ i n-oireaṁaint d'Éirinn iad agus do casaḋ agus do múnluiġeaḋ ar ṫeangain na nGaeḋeal ó ṡin anuas iad i sliġe 's gur geall le scéalta dúṫċasaċa bunaiḋ anois iad.

Tá mór-ċuid eolais le faġáil sa tseanċas i dtaoḃ saoġal na ndaoine, eolas ná fuil le faġáil i n-aon áit eile. Is beag suim do cuireaḋ i saoġal na ngnáṫ-ḋaoine leis na céadta blian anuas. Ḃiaḋ na ngnáṫ-ḋaoine, na h-éadaiġe do ċaiṫidís, an tsliġe ṁeilidís an ḃliain ó ṫosaċ go deire—is beag ar fad an t-eolas atá i leaḃraiḃ ná i scríḃniḃ i na dtaoḃ san go léir. Tá an t-eolas san i seanċas na ndaoine aċ é do ḃailiú agus é do ċur ar faġáil.

Ní féidir a ṁeas cad é a ṫairḃe do'n náisiún féaċaint i ndiaiḋ an ḃailiṫe anois. 'Siad na nióṫe beaga is táḃaċtaiġe go minic. Caiṫfiḋ na leanḃaí a ċuiṁneaṁ i gcoṁnuiḋe gurb ar éigean atá aon eolas i n-aon ċor againn i dtaoḃ a gceanntair féin. Na nióṫe comónta is eol do gaċ éinne san áit ní h-eól do ḋaoiniḃ i n-áiteannaiḃ eile aon niḋ ina dtaoḃ. Anois an t-am ċun an eolais do ṡáḃáil agus do ċur i n-iúl do'n tsaoġal. Mara ndeintear anois é beiḋ sé gan déanaṁ go deó.



# coṁairle

1. Scríoḃaḋ an scoláire, ag deire gaċ aiste, scéil aṁráin, ⁊rl., a ainm féin agus a ṡeolaḋ (baile fearainn) agus ainm agus seolaḋ an té a ṫug an t-aḋḃar san do.

2. Fágtar imeall ¾" folaṁ ar gaċ leaṫanaċ ar an dtaoḃ istiġ.

3. Ní h-aḋḃar d'aon aiste aṁáin aċ do ḋosaon ceann atá i gcuid dos na h-aistí atá luaiḋte annso, e.g. "Seana Ċeardanna" d'féadfaḋ scoláire aṁáin cúntas a scríoḃaḋ ar an tsliġe deintí coinnle; scoláire eile cúntas a ċur síos ar ġallunaiġ do ḋéanaṁ; scoláire eile ar ċiseáin a ḋéanaṁ; duine eile ar leasú leaṫair, ⁊rl. Sompla eile: Féilí na Bliaḋna. Scríoḃaḋ an ċéad duine nó cúpla duine ar nósanna na Saṁna; dream eile ar ċleaċtaḋ Lae Bealtaine san áit; an treas dream ar ċúrsaí na Nodlag sa ċeanntar fadó agus mar sin dóiḃ. Féadfaiḋ na scoláirí é sin a ḋéanaṁ gan dua aċ tamall do ṡeaċtṁain a ṫaḃairt dóiḃ roiṁré ċun an eolais do ḃailiú sa ḃaile. Piocaḋ gaċ scoláire an ċuid do'n aiste is annsa leis féin, aċ iarrtar ar an múinteoir a ḋiṫċeall do ḋéanaṁ ar scóp na n-aistí do leaṫnú i sliġe 's go mbreacfar síos roinnt éigin eolais i dtaoḃ gaċ gné de'n aḋḃar.

4. Is fiú aiste do ḃreacaḋ síos fiú 's go mbeiḋ sé gairid féin ċoṁ fada agus is aḋḃar fírinneaċ ó'n áit é.

5. Ní mór a innsint i dtaoḃ na h-áite nó an ruda go ḃfuil an scoláire ag scríoḃaḋ cúntais ina ṫaoḃ cá ḃfuil sé suiḋte (baile fearainn do luaḋ). Ní mór 'is fiú cúntas ar ṡeana-ġollán, abair, mara n-innstear go cruinn cá ḃfuil sé. Méadóċaiḋ an t-eolas san luaċ an ċúntais go mór.

# AḊḂAR D'AISTÍḂ

## CISṪÍ ÓIR I ḂFOLAĊ

Is ar éigean atá ceanntar i n-Éirinn ar fad ná fuil cúntaisí le fagháil ann i dtaoḃ saiḋḃreas do ṡaġas éigin atá i ḃfolaċ ann. Is ceart gaċ cúntas ina ṫaoḃ san do scríoḃaḋ síos fiú 's ná fuil puinn eolais le fagháil mar ġeall ar ċuid aca.

Cad iad na h-áiteanna go ḃfuil an saiḋḃreas i dtaisce ann, do réir an tseanċais? Cé ċuir ann é? Cad na ṫaoḃ gur fágaḋ i ḃfolaċ annsan é? Ar deineaḋ aon iarraċtaí riaṁ ar é fagháil? Cad do ṫárla?

Cad é an saiḋḃreas atá i ḃfolaċ? Ór? Creaċ? Cuirn agus cailísí? Cad is fiú an stór?

An ḃfuair éinne sa ċeanntar airgead nó a leiṫéid i dtaisce riaṁ? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ san.

Scríoḃ síos aon scéal atá ag muinntir na h-áite i dtaoḃ saiḋḃreas na Loċlannaċ nó na "ndaoine maiṫe". Ór ⁊rl., i dtaisce aca? Radharc ag daoine saoġalta ar an saiḋḃreas san aċ biad ⁊rl., do ṡaġas áiriṫe d'iṫe? Cúntaisí ina ṫaoḃ san.

An ḃfuil aon scéal san áit i dtaoḃ ainṁiḋṫe (cait, madraí, eaċanna uisce, ⁊rl.) a ḃíonn mar ġárdaí cosanta ar ṡaiḋḃreas atá i dtaisce, nó i dtaoḃ soillse a ḃíonn le feiscint i n-áiteanna go mbíonn ciste don tsaġas san?

Aon scéalta eile mar sin?

A lán dos na scéalta so is scéalta fíor-ṡeanda iad. Ḃa ċóir iad go léir a scríoḃaḋ síos agus a innsint go cruinn cá ḃfuil na h-áiteanna atá i gceist i ngaċ scéal. Nuair a ḃeiḋ na céadta scéal don tsórt san cnuasaiṫe i dteannta céile féadfar iad a ċur i gcoṁ-ṁeas agus tuairim ṁeaiḋṫe do ḃeiṫ ag daoine ina dtaoḃ.

## SCÉAL GRINN

Scríoḃ síos scéal éigin grinn do ċualaís á innsint ag muinntir t'áite féin. Is cuma é ḃeiṫ ina ṡeanscéal grinn do cumaḋ na céadta, nó b'ḟéidir, na mílte bliain ó ṡin nó é ḃeiṫ ag cur síos ar eaċtra grinn do ṫárla le déanaiġe.

## Toṁaiseanna

Scríoḃ síos an méid toṁaiseanna is féidir leat fáġail ó ṁuinntir na h-áite. Ná cuir síos aon ċeann aċ aṁáin ceann atá ag na daoine.

Má tá réiḋteaċ na dtoṁaiseanna agat ba ċóir iad do ċur síos.

## Seanċas i dtaoḃ na h-aimsire

Scríoḃ síos na h-abairtí atá ag muinntir na h-áite i dtaoḃ na h-aimsire.

An tsliġe ḃíonn fios aca ó'n spéir (an ġrian, an ġealaċ, na réalta, na scamaill, an boġa leac ⁊rl.) cad é an sórt aimsire ḃíonn ag teaċt, e.g. an ġealaċ leat-ḃáiḋte coṁarta báistiġe.

An ġaoṫ mar faisnéis de'n aimsir. Áird (treó) na gaoiṫe. Coṁartaí stoirme. Ciaca gaoṫ is mó ḃeireann báisteaċ léiṫe? Coṁartaí báistiġe.

Faisnéis na h-aimsire ó éanlaiṫe (ag eitilt go h-árd nó go h-íseal nó isteaċ ó'n ḃfairrge, ⁊rl.) agus ó ainṁiḋṫe (an cat i n-aice na teine, an madra, ainṁiḋṫe na feirme ⁊rl.).

An tsliġe aiṫniġtear aṫrú ar an aimsir ar ġnéiṫe de'n nádúir: daṫ na spéire, loinnir ar na carraiġreaċa, na sléiḃte ana-ċoṁgaraċ duit, dar leat, cnuic fé ċeó: "Ceó ar Ṁuisire agus Cláraċ lom an coṁarta soininne is fearr ar doṁan."

Ceó ḃóṫair ag imeaċt le gaoiṫ. Cuma na fairrge agus na loċanna. Glór an easaiġ agus na h-aḃann.

Eolas i dtaoḃ na h-aimsire fáġail ó feiṫidí: cuileoga, cuirṁíolta, sionġáin, beaċa, creaḃair ċaoċa ⁊rl.

Gaḃáil an deataiġ ó'n tsimné mar ṫuar do'n aimsir. Cuma na teine agus an tsuġaiḋ sa tsimné.

## Daoine cáileaṁla

Baineann an aiste seo le daoine do ṫuill clú agus cáil dóiḃ féin san áit ar ċúis éigin aon uair.

Fir láidre: ainm agus seolaḋ gaċ duine aca. Cad iad



na gaiscí do ḋeineadar (ag caiṫeaṁ an úird, ag tógáil cloċa troma nó mála lána, ⁊rl.)? Cúntas ar an tsliġe ḋeinidís é. Na daoine do ḃíoḋ ina gcoinniḃ i láṫair na h-iomaiḋeaċta. Fir láidre ag cur duḃśláin fá ċéile. Fir do ḃí an-ṁaiṫ ċun méaróga nó ċun cloċa do ċaiṫeaṁ.

Fir reaṫa: ráiseanna do ḃuaḋadar; an t-am do tógadar, faid an ráis ⁊rl. Fir ag riṫ i gcoinniḃ a ċéile nó i gcoinniḃ ainṁiḋṫe (capaill, cointe, ⁊rl.). Fir do ḃéarfaḋ ar ġirrfiaḋ sa riṫ (tá scéalta ina ṫaoḃ san coitċianta).

Fir ṁaiṫe siuḃail: seanċas agus scéalta i dtaoḃ turasanna fada do śiuḃlaḋ daoine fadó. Riġneas na ndaoine an uair sin.

Fir léime: aiḃne, puill, mána sléiḃe ⁊rl., do léimeadar. An fáṫ do ḃí le h-ainmneaċa áiriṫe do ṫaḃairt ar áiteanna fé leiṫ: Léim an tSagairt, Léiṁ an Ċrataiġ ⁊rl.

Snáṁaiḋṫe maiṫe. A n-ainmneaċa ⁊rl., agus cúntas ar gaiscí do ḋeineadar.

Fir ṁaiṫe ráṁaiḋeaċta (iomraḋ).

Spealadóirí cáileaṁla. A n-ainmneaċa, a n-áit ċoṁnuiḋṫe, ⁊rl. An méid féir do ḃaineadar i n-aon lá aṁáin nó i n-aon tseaċtṁain aṁáin. Fir do ṫugaḋ duḃślán fé ċéile ag baint féir, cúntas ar an gcoṁórtas ⁊rl. Is minic baint ag scéalta do'n tsórt san le daoine a luaiḋtear i seanċas na ndaoine, mar an Ċailleaċ Ḃéara, gaiscíḋiġ ṁóra sa stair nó fir láidre de'n áit.

Rinnceoirí mór-ċlú. A n-ainmneaċa ⁊rl. Coṁórtaisí rinnce. Fir do rinnceaḋ anáirde ar ḃórd.

Aṁránuiḋṫe agus scéalaiḋṫe maiṫe. A n-ainmneaċa san agus a n-áit ċoṁnuiḋṫe. Ainmneaċa na n-aṁrán agus na scéalta do ḃíoḋ aca. Ba ċóir gaċ aon scéal agus gaċ aon ḃlúire seanċais i dtaoḃ na scéalaiḋṫe agus na n-aṁránuiḋṫe so do scríoḃaḋ síos i sliġe 's go mbeiḋ cuiṁne orta ar ball.

Daoine eile do rug an suae leó i n-aon tsliġe.

## Cruaḋtan

Long-ḃriseaḋ: cár briseaḋ an long nó an bád? Conus a ṫárla sé? Cad iad na cúntaisí atá ag muinntir an

ḃaill ina ṫaoḃ? Ar ḃáḋaḋ éinne? Ar deineaḋ aon iarraċt ar an luing agus na daoine do ṡáḃáil? Ar ḃaisteaḋ ainm nuaḋ ar an áit do ḃarr an ċaillte.

Cúntas ar ḋaoine do ḃáḋaḋ san áit i ḃfaḋ ó ṡin.

Dóiġteán. Ar dóġaḋ tiġṫe nó cruaċa féir nó aon ruḋ mar sin san áit riaṁ? Conus do ṫárla? Cúntas.

Pláiġ nó galar tóġálaċ do ḃuail daoine san áit aon am.

Aon eaċtra mór-le-ráḋ eile do ṫárla san áit (creaċ á tóġaint, dreamanna daoine ag troid i gcoinniḃ a ċéile ⁊rl.)

Ba ċóir do'n ċúntas a ḃeiṫ ċoṁ h-iomlán agus is féidir. Is cuma é ḃeiṫ gairid nó fada. Luaiḋ an dáta má's féidir é. Niḋṫe do ṫárla san áit atá i gceist.

## An Doineann

Stoirmeaċa agus gálaí troma. Scríoḃ síos cúntaisí ina dtaoḃ san ó innsint na seandaoine: an ḃliain, an mí agus an lá (má's cuiṁin leó é); comartaí go raiḃ stoirm le teaċt; éirġe na stoirme; an díoġḃáil do deineaḋ do tiġṫiḃ, do stoc eallaiġ, do ḃáḋaiḃ ⁊rl.; crainn a leagaḋ; daoine do cailleaḋ do ḃarr na stoirme.

Oiḋċe na Gaoiṫe Móire, 1839. An féidir le muinntir na h-áite aon ċúntaisí do ṫaḃairt ar stoirm na h-oiḋċe sin san áit?

Tóirneaċ agus teinntreaċ. Díoġḃáil do deineaḋ mar sin.

Báisteaċ ṫrom agus tuilte. An ḟaid do lean an báisteaċ, áiteanna do ḃí fé uisce, díoġḃáil a deineaḋ do ḃóiṫre, do ḃarraí, do stoc ⁊rl. Daoine do ḃáḋaḋ. Tiġṫe do leagaḋ.

Tiormaċt ṁór agus an díoġḃáil do lean í.

## Seana-Scoileanna

Caḋ é an ainm do ḃí san áit ar na scoileanna do ḃí ag imṫeaċt sarar cuireaḋ na Scoileanna Náisiúnta ar bun (scoileanna scairte? gearr-scoileanna? scoileanna fóiḋín?)? Cá raiḃ gaċ ceann aca (tiġ, páirc, baile ⁊rl.)? An fé'n aer nó istiġ a ḃíoḋ an scoil ar siuḃal?



Cérḃ iad na múinteoirí ins na scoileanna san? A n-ainmneaċa? Ar ḋaoine ó'n gceanntar iad nó stróinséirí? An mbíoḋ scoil ar siuḃal i dtiġṫiḃ na ḃfeirmeoirí? Cá mbíoḋ na múinteoirí ag cur fúta? An dtéiġdís tamall le gaċ leanḃ? Caḋ é an pá do ġeiḃidís?

Caḋ iad na h-áḃair a múintí ins na scoileanna san? An mbíoḋ Gaeḋilg ag na múinteoirí? Ar ġnáṫaċ leó í do laḃairt ar scoil? An múintí aon áḃair trí Ġaeḋilg? An múintí an Ġaeḋilg? An mbíoḋ droċ-ṁeas nó a ṁalairt ag na múinteoirí ar an nGaeḋilg agus ar ċultúr na h-Éireann?

An mbíoḋ leaḃair ag na páistí scoile? Caḋ iad féin? An mbíoḋ na páistí ag scríoḃaḋ i n-aon ċor? Caḋ í an ċóir scríoḃṫa a ḃíoḋ aca? An mbíoḋ slinnte aca ċun scríoḃaḋ orta?

An mbíoḋ binnsí nó stóil nó a leiṫéidí ins na scoileanna san? Cá suiḋeaḋ an máiġistir?

An dtugaḋ na máiġistrí i ḃfaḋ aimsire i n-aon áit? Ar scoláirí maiṫe iad, i dtuairim ḋaoine? An mbíoḋ meas ag na daoine orta?

Baineann an ċuid is mó dos na ceisteanna so leis na Scoileanna Náisiúnta, ċoṁ maiṫ, nuair do cuireaḋ ar bun ar dtúis iad.

## Seana-Ċeardanna

Cúntaisí agus seanċas do ḃailiú agus do scríoḃaḋ síos mar ġeall ar na ceardanna a cleaċtṫaí sa tsean-aimsir, cuid aca a ṁaireann fós i n-áiteanna. Má tá cúntaisí ina dtaoḃ le fáġáil i t'áit féin cuir síos iad.

Ar na ceardanna san do ḃí: déanaṁ coinnle, déanaṁ gallúnaiġe; déanaṁ ciseán; gaiḃneaċt (rámainní, geataí, céaċtaí, drolanna agus croċanna ⁊rl., do déanaṁ); sníoṁ agus úcaireaċt agus fiġe; daṫuġaḋ; díonadóireaċt (tuiġeadóireaċt); déanaṁ téada (do ċnáiḃ, do ruainneaċ, do ġiuṁais ⁊rl.); leasú leaṫair; tórnóireaċt (déanaṁ bairrlí, meadraċa ⁊rl.); déanaṁ rota; déanaṁ tairngí; déanaṁ fuipeanna (eaċlasganna); criadóireaċt; doġaḋ aoil; iascaireaċt agus foġlaereaċt.

Tá a lán eolais ag na daoine fásta agus ag na sean-

ḋaoine ina ḋtaoḃ so go léir. Ba ṫábaċtaċ gaċ aon ḟocal agus gaċ aon abairt agus gaċ aon tuairisc atá aca do ḃreacaḋ síos go mór-ṁór mar ġeall ar aon ċéird aca atá imiṫe ó ċleaċtaḋ.

## Pósaiḋṫe

Cad é an t-am de'n ḃliain is mó ṗósann daoine san áit (san Inid? Máirt na h-Inide?)? Cad iad na laet-eannta agus na míonna atá mí-raṫṁar ċun pósta, dar le daoine?

Scríoḃ síos aon ṗisreoga nó nósanna atá san áit sin i dtaoḃ na h-Inide.

An ndeintear cleaṁnaistí id' ċeanntar-sa? An dtug-tar airgead nó stoc nó earraiḋe mar spré? Cúntas.

An cuiṁin le daoine pósaiḋṫe do ḃeiṫ ar siuḃal ins na tiġṫiḃ? An fadó ṡin é sin?

Scríoḃ síos cúntas i dtaoḃ pósaiḋṫe na sean-aimsire. An mbíoḋ cóisire aca? Cad a tugtaí air? Cá mbíoḋ sé? An eol do ḋaoine aon níḋ i dtaoḃ "buaċaillí tuiġe?" Scríoḃ síos cúntas orṫa (an tsliġe 'na mbíonn siad gléasta, an ḟáilte ḃíonn rómpa ar an bpósaḋ ⁊rl.).

Scríoḃ síos aon ċúntaisí nó aon ṗisreoga eile ó t'áit féin i dtaoḃ pósaiḋṫe (éadaċ na lánaṁan, niḋṫe naċ cóir a ḋéanaṁ lá an ṗósta ⁊rl.).

Aon ċúntaisí i dtaoḃ daoine do ḃeiṫ ag rás le ċéile ar ċapallaiḃ tar éis an ṗósta? An mbíoḋ na mná ina suiḋe ar na capallaiḃ ar ċúlaiḃ na ḃfear?

## Aimsir na Géirleanaṁna

Scríoḃ síos cúntas ar aon eaċtra do ṫárla i t'áit féin nuair a ḃí na Pianḋliġṫe ar bun i n-Éirinn. Cúntas nó tuairisc as páipéar nuaiḋeaċta ná scríoḃ síos é.

Ar baisteaḋ aon áiteanna sa ċeanntar ó'n aimsir sin (Carraig an Aifrinn, Léim an tSagairt, Páirc na h-Altórać, Seana-Ṡéipéal ⁊rl.)? Cad iad na scéalta atá ag na daoine i dtaoḃ na n-áiteanna so?

An nduḃartas an t-Aifreann i n-áiteannaiḃ áiriṫe



fé'n spéir an uair sin? Cá ḃfuil na h-áiteanna san (páirc, baile ⁊rl.)? An ḃfuil pluaiseanna ⁊rl., ann go mbíoḋ sagart i ḃfolaċ ionta? Scríoḃ síos aon scéal atá ag na daoine i dtaoḃ tóir a ḃeiṫ ar na sagartaiḃ ag saiġdiúirí, sagairt gur scéiḋeaḋ orṫa, airgead a ḃeiṫ ar ċloigeann sagairt ⁊rl.

An léiġeaḋ na sagairt an t-Aifreann ins na tiġṫiḃ an uair sin? An mbíoḋ tiġṫe beaga speisialta le h-aġaiḋ an Aifrinn (scáláin ⁊rl.) i n-áiteannaiḃ áiriṫe? Scríoḃ cúntas ina dtaoḃ.

## Áit-Ainmneaċa

Scríoḃ síos liosta dos na h-ainmneaċa atá ar gaċ páirc, sruṫán, cnocán, logán, carraig ṁór ⁊rl., ar ḟeirm t'aṫar sa ḃaile. Má tá aon scéal le h-innsint i dtaoḃ an tsliġe baisteaḋ na h-ainmneaċa san orṫa scríoḃ síos é.

Tá áiteanna áiriṫe do baisteaḋ ó'n gcuma ḃí orṫa .i. "An Páirc Ḟada," "An Cnuicín Ḟraoiġ," "An Ínse Liaṫ."

Áiteanna eile is ó ḋaoine do baisteaḋ iad .i. Carraig Ṫomáis, Suiḋe Ḟinn, Caṫair Ċaim.

Niḋṫe do ṫárla ann ba ḃunús le h-ainmneaċa eile: "Faill a' Ṁarḃuiġṫe" (fear do marḃuiġeaḋ ann); "Eisc an Áir" (caṫ fuilteaċ do cuireaḋ ann); "Páirc an Ḃáire" (d'imriġtí báire ann uair éigin) ⁊rl.

Na scéalta a ḃaineann le h-áit-ainmneaċa mar sin is ins an áit sin aṁáin is fearr eolas orṫa. Is rí-ṫábaċtaċ, dá ḃriġ sin, an innsint áiteaṁail ar gaċ scéal díoḃ do ḃreacaḋ síos á ráḋ i gcoṁnuiḋe cá ḃfuil an áit (baile, parróiste, barúntaċt, conntae). Dá ṁéid agus dá ḋlúiṫe a ḃaineas an scéal leis an áit 'seaḋ is tábaċtaiġe é do scríoḃaḋ síos.

## Ainṁiḋṫe Allta

Scríoḃ síos ainmneaċa na n-ainṁiḋṫe atá ar fáġáil fiaḋain it' áit féin.

Scríoḃ cúntas ar an nead (poll, pluais ⁊rl.) ḃíonn aca; an bia a iṫeann siad; an díoġḃáil nó an tairḃe ḋeineann siad san áit.

An n-innstear scéal i dtaoḃ aon ċuid aca á ṁíniú conus a deineaḋ ar dtúis iad nó conus a ṫárla a leiṫéid sin do ċuma ḃeiṫ orṫa (an tsliġe ċaill an maṫġaṁain a eirbeall agus é ag iascaċ sa lic-oiġre).

Scríoḃ síos aon scéalta nó cúntaisí atá ag daoine á ṫeasbáint ċoṁ glic agus atá an madaruaḋ, a ṁire agus a riṫeann an girrḟiaḋ, riġneas an ḃruic, dúire agus neart an ṁaċtíre ⁊rl.

An ḃfuil leiġeas sa ḃainne nó sa ḃiaḋ ḟágann an fiéad ina ḋiaiḋ gan é ḃlas? An n-úsáidtear aon ḃall beaṫa d'ainṁiḋe ḟiaḋain ċun leiġis nó a leiṫéid (teanga an ṁadaruaiḋ, feoil na luiċe ⁊rl.)?

## Leiġiseanna

Cad iad na leiġiseanna a ḃíoḋ ag daoine ar ġalair, agus ar ṗianta áiriṫe. Cuir síos liosta dos na galair ⁊rl., agus scríoḃ indiaiḋ gaċ ceann aca an leiġeas a ḃíoḋ ag daoine air (e.g. frog ċun tinnis fiacal, uisce cloiċe gan iarraiḋ ċun fáirṫní ⁊rl.).

Cúntas ar na leiġiseanna do ḃíoḋ i dtoibreaċa beannuiṫe áiriṫe.

Leiġiseanna do ṫriaileaḋ daoine ar ṡliġtiḃ eile: dul fé ḋris nó fé ċarraig nó trí ḟuinneóig áiriṫe ċun pianta cnáṁa do leiġeas; leanḃ do ċur fé ḃolg asail ⁊rl., ċun an triuċ do ṡéanaḋ nó do leiġeas.

Ceiriḋṫe nó plástair do luiḃeanna áiriṫe measċaiṫe tré rudaí eile ċun aicídí do leiġeas.

Daoine fé leiṫ a ċleaċtuiġeaḋ leiġiseanna: an seaċtṁaḋ mac, fir agus mná feasa, daoine do rugaḋ am áiriṫe ⁊rl.

Cúntas ar na nidṫe seo fé mar a cleaċttaí i t'áit féin iad atá ag teastáil.

## Ḃréagáin agus Caiṫeaṁ Aimsire

Is maiṫ le garsúin agus le cailíní a ḃeiṫ ag déanaṁ bréagán mar ċaiṫeaṁ aimsire, díreaċ mar do ḋeineaḋ na daoine go léir do ṫáinig rómpa.



Deineann cailíní bláiṫḟleascanna agus slaḃraiḋe do nóiníní ⁊rl., nó deineann siad bábóg nó cumann siad rudaí do ṗáipéar. Scríoḃ cúntas ar aon niḋ mar sin a ḃíonn ar siuḃal agat féin sa ḃaile.

Ḃíonn caiṫeaṁ aimsire do ṡaġas eile ag garsúnaiḃ. Deineann siad topaí d'aḋmad nó do ṫurnapaí i n-áiteann-aiḃ; gunnaí ("parcain") do'n ċrann trum i mballaiḃ eile; cliaḃáin éin do ṡlataiḃ ċun ḃreiṫ ar luin agus ar smólaċa i n-áiteannaiḃ eile; innill agus lúba ċun breiṫ ar ċoiníní, agus mar sin dóiḃ.

Ní mar a ċéile a ṁeileann aos óg aon dá ċeanntar a gcuid aimsire sa tsliġe sin. Ní tábaċtaiġe agus ní suimeaṁla cúntas ina ṫaoḃ ó áit aṁáin ná ó áit eile.

## Laeṫeannta Áiriṫe

Ḃíoḋ áḋ nó míáḋ ag baint le laeṫeannta fé leiṫ, dar le daoine. Do caiṫfí leiġiseanna do ṫriail laeṫeannta áiriṫe nó ní éireoċaḋ leó. Ḃí laeṫeannta eile agus níor ṁaiṫ le daoine tosnú ag treaḃaḋ, abair, nó ag déanaṁ tiġe na laeṫeannta san. Nó níor ṁaiṫ leó troscán ⁊rl., aistriú isteaċ i dtiġ nuaḋ. Scríoḃ cúntas i dtaoḃ na laeṫeannta san agus innis cad iad na nidṫe do ḃí coiscṫe.

"Lá Crosta na Ḃliaḋna." An eól dos na daoine aon niḋ ina ṫaoḃ? Caṫain a ḃíonn sé ann? Cad iad na nósanná a ḃaineas leis?

Tá laeṫeannta eile annsan go ḃfuil tábaċt ṁór ionnta i gcúrsaí barraí do ċur (cuid do na prátaí síl do ċimeád i leaṫtaoiḃ go dtí Aoine an Ċéasta; gan cabáiste do ċur roiṁ lá áiriṫe agus gan é ċur i ndiaiḋ lá áiriṫe eile). Scríoḃ cúntas ar na nidṫe sin fé mar a cleaċttar i t'áit féin iad.

Ainmneaċa a tugtar ar laeṫeannta áiriṫe do'n ḃliain: "Laeṫeannta na Ḃó Riaḃaiċe" i dtosaċ an Aibreáin; "Foġṁar na nGéanna"; "Raḃartaí Geala na Cásca"; "Dá Lá Déag na Nodlag" ⁊rl. Scríoḃ síos aon ċúntas atá ag muinntir na h-áite ina dtaoḃ so agus i dtaoḃ laeṫeannta eile mar iad.

## Luċt Siuḃail

An nglaoḋann luċt siuḃail go dtí do ṫiġ ó am go h-am? An iad na daoine céadna a ṫagann i gcoṁnuiḋe? Scríoḃ síos a n-ainmneaċa. Cad as dóiḃ?

An mbíonn earraiḋe beaga á ndíol aca? Cad iad féin? An gceannuiġtear puinn uaṫa san áit? Cá ḃfaġann siad na h-earraiḋe a ḃíonn aca? Cúntas ar na málaí ḃíonn aca.

An mbíonn fáilte rómpa ins na tiġṫiḃ? An fada ḟanann siad? Cá gcodluiġeann siad? An dtugann siad biaḋ dóiḃ féin timċeall leó? An n-iarrann siad déirc? Cad é an déirc? Scríoḃ síos aon ṗaidir nó deilín a ḃíonn aca.

An do ṡiuḃal a gcos a ġaḃann siad ó áit go h-áit? An mbíonn dreamanna aca ag gaḃáil timċeall i ḃfoċair a ċéile? Scríoḃ cúntas ina dtaoḃ san.

An n-insann siad scéalta agus eaċtraiṫe ins na tiġṫiḃ? An gcruinniġeann daoine isteaċ ċun éisteaċta leó?

Baineann na ceisteanna seo go léir le luċt siuḃail do ḃíoḋ ann fadó agus atá marḃ anois ċoṁ maiṫ le daoine atá beó fós.

## Ráṫanna agus Liosanna

An ḃfuil liosanna i gceanntar na scoile? Cad a tugtar orṫa (lios, ráṫ, caṫair, dún ⁊rl.)? Cad é an baile 'na ḃfuil gaċ ceann aca? An ḃfuilid i raḋarc a ċéile?

Cad é an ċuma atá orṫa—cruinn nó cearnógaċ? An ḃfuil claiḋe nó bannc cré nó crainn timċeall orṫa? An ḃfuil poll in-a lár nó i n-aon áit? Ar ċuaiḋ éinne isteaċ tríd an bpoll riaṁ? Cad do ṫárla?

Scríoḃ síos aon scéal atá ag na daoine i dtaoḃ aon ċinn aca. Cé ḋein iad, dar le daoine? Caṫain a deineaḋ iad agus cad é an fáṫ gur deineaḋ iad? An raiḃ baint ag na "Loċlannaiġ" leó i dtuairim daoine? Cé ċoṁnuiġeaḋ ionnta? Na daoine siḋe? An ḃfeicṫí cait nó ainṁiḋṫe d'aon tsórt i n-aice na liosanna?

Ar réabaḋ nó ar treaḃaḋ aon lios aca riaṁ? Scríoḃ



síos aon ċúntas atá ag daoine mar ġeall air sin. An ḃfeacaiḋ daoine soillse i n-aice na liosanna riaṁ, nó an gcualadar ceól istiġ ionnta?

Tá tábaċt mór ag baint le gaċ scéal agus le gaċ píosa seanċais i dtaoḃ liosanna. Ba ċeart gaċ aon ċeann riaṁ aca do ċur síos.

## Filí an Ḃaile

Scríoḃ síos ainmneaċa na ḃfilí do ḃí it' áit féin aon uair. Cá raiḃ coṁnuiḋe orṫa? Caṫain a rugaḋ iad agus caṫain a cailleaḋ iad? Cár cuireaḋ iad?

An raiḃ an ḟiliḋeaċt aca ó ḋúṫċas nó an ḃfuaireadar an buaḋ uair éigin áiriṫe? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ. Arḃ ḟilí a muinntir rómpa?

Cad iad na h-aṁráin do ċeapadar? An ḃfuil scéal á insint cad 'na ṫaoḃ gur deineaḋ aon aṁrán aca? An i mBéarla nó i nGaeḋilg do ċumadar a gcuid aṁrán? An mbídís ag ceapaḋ aṁrán ag cáineaḋ a ċéile? An dtagaḋ filí an ċeanntair le ċéile aon uair? Cad a ḃíoḋ ar siuḃal aca?

Cad é an tsliġe ḃeaṫa a ḃí ag na filí seo: feirmeoireaċt, ceárd éigin nó cad é féin? Conus agus caṫain a ċeapaidís na h-aṁráin? An scríoḃaidís síos iad? An raiḃ scríoḃaḋ nó léiġeaṁ ag éinne aca? An raiḃ meas ag na daoine orṫa?

An raiḃ aon ċoṁaċtaí fé leiṫ ag na filí, dar le daoine? An dtugaidís iarraċtaí ar Ḟranncaiġ do ḋíbirt? Conus a ḋeinidís é? An n-éiriġeaḋ leó san iarraċt?

An gcloisfeá aon aṁrán do ċum file ḋíoḃ á ġaḃáil anois ar aon ócáid?

Ní féidir a ráḋ a ṫábaċtaiġe agus atá sé gaċ aon ḃlúire eolais, fiú 's ná beaḋ ann aċ cúpla líne, i dtaoḃ na ḃfilí seo do ċur síos anois. Beiḋ sé ró-ḋéanaċ ar ball.

## An Droċ-Ṡaoġal

Ar luiġ an droċ-ṡaoġal go trom ar an gceanntar san? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ.

An raiḃ níos mó daoine ina gcoṁnuiḋe ann an uair sin ná mar atá anois?

Ar ṫáinig an duḃ nuair a ḃí na prátaí ag fás nó ar loḃadar ins na puill agus ins na tiġṫiḃ? Cad é an síol a ḃí ag daoiniḃ ċun na hait-ḃliana? Ar scaipeaḋ na prátaí síl san iṫir mar scaipfí gráinní síl?

Cad a ḃí mar ḃiaḋ ag na daoiniḃ nuair do ṫeip ar na prátaí? Ar ċaḃruig éinne le muinntir an ḃaill?

Ar cailleaḋ a lán daoine san áit? Do ḃárr ocrais nó le fiaḃras ⁊rl.?

An raiḃ biaḋ gann aon ḃlianta eile ó ṡin gur loḃ na prátaí?

Níl aon tsaġas aiste is táḃaċtaiġe ná cúntaisí agus aistí beaga do scríoḃfaḋ na leanḃaí síos ó innsint na seandaoine ar an droċ-ṡaoġal (an Gorta). Is fearr min-scéalta mar seo ná aon ċúntas as leaḃar staire.

## Cluiċí

Cad iad na cluiċí a imriġeann tú? Cuir síos liosta ḋíoḃ.

Conus a imriġeann tú gaċ ceann aca?

An ḃfuil am fé leiṫ do'n ḃliain le h-agaiḋ caiṫeaṁ aimsire áiriṫe: piocaḋ cnó agus sméara sa ḃfoġṁar, breiṫ ar éin i gcliaḃán éan sa ġeiṁreaḋ ⁊rl.?

Cad iad na cluiċí a imriġeann tú istiġ sa tiġ nó timċeall na teine? Scríoḃ síos aon rann nó píosa cainnte a ḃíonn ar siuḃal agaiḃ le linn an ċluiċe. Cad iad na cluiċí a imriġeann tú i n-aice an tiġe nó i maċa na scoile?

'Siad na cluiċí beaga simpliḋe is suimeaṁla agus is táḃaċtaiġe a ċur síos. Ní gáḋ cúntaisí a scríoḃaḋ i dtaoḃ cluiċí iomána agus peile.

## Bóiṫre an Ċeanntair

Cad iad na h-ainmneaċa atá ar ḃóiṫre na parróiste? Cá dtéiġeann siad? Caṫain a deineaḋ iad? An ḃfuil a lán seana-ḃóiṫre sa ċeanntar? An ḃfuilid i n-úsáid fós? Caṫain a deineaḋ iad san?



Ar deineaḋ bóiṫre sa ṗarróiste i n-aimsir an droċ-ṡaoġail (" leaṫ-scéal ċun mine ")? Cad é pág na ḃfear a ḃíoḋ ġá ndéanaṁ? An mbíoḋ mná ag obair ar na bóiṫre sin, coṁ maiṫ? Scríoḃ síos aon scéal nó cúntas atá ag daoine mar ġeall ar ḋéanaṁ na mbóiṫre.

Taḃair cúntas ar na seana-ċasáin agus ar na coṁgair atá san áit. Cuir síos aon scéal a innstear i na dtaoḃ. Innis coṁ maiṫ cá ḃfuil na ciseaċa agus na coṁgair sléiḃe agus na bearnain ins na cnuic go ngaḃann daoine tríoṫa ó áit go h-áit. A n-ainmneaċa?

Áṫanna ins na h-aiḃniḃ: an ngaḃaḋ daoine ṫar aiḃniḃ ag na h-áṫannaiḃ sarar deineaḋ droiċid? Cuir síos a n-ainmneaċa san á innsint cá raḃadar agus aon scéalta ina dtaoḃ.

Cros-ḃóiṫre: scríoḃ síos aon scéal nó píosa seanċais nó pisreóg atá i t'áit féin ina dtaoḃ.

An ḃfuil cairn cloċ i leaṫ-taoiḃ na mbóiṫre id' ṗarróiste féin i gcuiṁne ar ḋaoine do cailleaḋ nó do marḃuiġeaḋ ann? Taḃair cúntas ina dtaoḃ. Cad deireann duine nuair a ċaiṫeann sé cloċ ar ċarn mar sin?

An ḃfuil casáin Aifrinn ó aimsir an droċ-ṡaoġail id' ṗarróiste. Ca ḃfuilid? Taḃair cúntas orṫa.

An ḃfuil scéal i dtaoḃ aon droiċid sa ċeanntar? Scríoḃ síos é má tá.

## Mo Ċeanntar Féin

Ainm an ḃaile go ḃfuil coṁnuiḋe ort? Ainm na parróiste agus na barúntaċta? An méid tiġṫe sa ḃaile anois agus fadó? Slinn nó tuiġe orṫa? An sloinneaḋ is coitċianta ann?

Cad na ṫaoḃ gur baisteaḋ an ainm sin ar an áit?

An ḃfuil a lán seandaoine ann os cionn 70 bliain? An ḃfuil Gaeḋilg aca? An féidir leó scéalta d'innsint i nGaeḋilg nó i mBéarla? Scríoḃ síos a n-ainm agus a seolaḋ.

An ḃfuil a lán seana-ċaḃlaċ (foṫraċ) tiġe ann? Ar ġnáṫaċ le mórán daoine dul go h-Aimeirice ó'n áit sin?

Ar luaḋaḋ ainm na h-áite riaṁ i n-aṁrán nó i sean-ráḋ? Scríoḃ síos é.

Cad é an sórt tailiṁ atá ann? An ḃfuil cuid de fé ċoill? Scríoḃ síos ainmneaċa na n-aiḃne agus na loċanna atá ann agus aon scéalta nó seanċas ina dtaoḃ.

## Toibreaċa Beannuiṫe

An mó tobar beannuiṫe sa ṗarróiste? Cá ḃfuil gaċ ceann aca (baile, páirc ⁊rl.)? Cad é an ainm atá ar gaċ ceann aca? An dtugann daoine cuairt orṫa laeṫ-eannta áiriṫe? Cad iad na laeṫeannta? An dtugann daoine turas ag an dtobar? Conus a tugtar an turus? Cad iad na paidreaċa a deirtear?

Scríoḃ síos aon scéal nó cúntas atá ag daoine i dtaoḃ an tobair. Conus d'éiriġ an tobar ar dtúis? Cé hé an Naoṁ a luaiḋtear leis an dtobar?

Ar leiġiseaḋ daoine ag aon tobar díoḃ? Innis ina taoḃ san. Cad iad na galair is mó go loirgeann daoine leiġeas orṫa ag an dtobar san?

An n-ólann daoine uisce na dtobar san, nó an gcimliġ-eann siad díoḃ féin é nó an dtomann siad iad féin ann? An mbeireann siad cuid de'n uisce abaile leó ó'n dtobar?

An ḃfágann daoine ruḋaí ina ndiaiḋ ag an dtobar? Cad iad féin? Cá ḃfágtar iad (le h-ais an tobair, ar ċor os cionn an tobair, ar ḟalla an tobair ⁊rl.)?

An ḃfuil iasc sa tobar? An n-innstear scéalta san áit i dtaoḃ daoine do ṫug iarraċt ar an dtobar do ṫiormú nó do ṡailiú, nó do ṫug cuid de'n uisce leó abaile i gcóir an tiġe? Cad do ṫárla dóiḃ?

An ḃfuil tor nó crann ag an dtobar?

## Luiḃeanna

Cad iad na luiḃeanna is mó a ḋeineann díoġḃáil ar talaṁ na ndaoine? Scríoḃ síos a n-ainmneaċa i nGaeḋilg nó i mBéarla. Cad é an díoġḃáil a ḋeineann siad—an talaṁ do ḃoċtú nó barraí do ṁúċaḋ?

Cad iad na luiḃeanna ná fásann aċ amáin i gcré ṁaiṫ? Cad iad na cinn a ḟásann i dtalaṁ boċt?

Luiḃeanna go ḃfuil leiġeas ionnta ar aicídí áiriṫe



scríoḃ síos a n-ainmneaċa fé mar atáid ag muinntir na h-áite. Cad é an leiġeas atá i ngaċ ceann aca? Conus a úsáidtear gaċ ceann aca ċun leiġis?

Scríoḃ síos aon scéal nó píosa seanċais atá ag muinntir na h-áite á ṁíniú cad é an fáṫ go ḃfuil a leiṫéid seo do ċuma ar na duilleoga, a leiṫéid siúd do ḋaṫ ar an mbláṫ nó crot áiriṫe ar na préaṁaċa (e.g. is de'n sceiċ gil a deineaḋ an Ċoróinn Spíona a cuireaḋ ar ár Slánatóir agus níor ċeart d'éinne maide siuḃail de'n sceiċ gil a ḃeiṫ aige).

An ndeintear aon úsáid do luiḃeanna ná do ṗlanndaí ċun biḋ do ḋaoine nó d'ainmiḋṫe (e.g. saṁa, duileasc ⁊rl. do ḋaoine; caisearḃán do laċain ⁊rl.)? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ san.

An n-úsáidtear luiḃeanna nó planndaí áiriṫe ċun éadaċ do ruaṁaḋ nó do ḋaṫú? Scríoḃ cúntas air sin. Cuir síos ainmneaċa na luiḃeanna go ḃfuil niṁ ionnta.

Má tá aon ċúntaisí, beag nó mór, le faġáil i dtaoḃ luiḃeanna d'úsáid ċun aon niḋ sa tseanaimsir scríoḃ síos iad. Cé h-iad na daoine ḃíoḋ ag gaḃáil do'n obair sin? Cad é an toraḋ ḃíoḋ air mar obair?

## Na Prátaí

An gcuireann siḃ prátaí ar an ḃfeirm sa ḃaile gaċ bliain? Cé ullṁuiġeann an talaṁ ina gcóir? An gcuirtear aoileaċ nó leasú d'aon tsórt ar an dtalaṁ roiṁré? Cad é féin? Conus a deintear é? An i n-iomairí a cuirtear síol na bprátaí? Cad eile? Conus a deintear na h-iomairí (leabṫaċa na bprátaí, drill-eanna)? Le céaċta nó le ráṁainn? Ar úsáideaḋ céaċtaí adṁaid d'aon tsórt sa ċeanntar riaṁ? An n-úsáidtear fós iad? Tabair cúntas orṫa san. Ar ḋeineaḋ na ráṁainní sa ċeanntar nó ar ceannuiġeaḋ iad?

Scríoḃ síos cúntas ar an síol prátaí, ar ġearraḋ agus ar ṡáḋaḋ na sciollán agus ar ḋúnaḋ na bpoll.

An gcabruiġeann na comursain le ċéile ag cur na bprátaí?

Scríoḃ cúntas ar ċúram na bprátaí i t'áit féin agus iad ag fás: cré do ċur leó, leasú, ait-ċré, sprayáil i gcoinniḃ

an ḋuiḃ, baint na bprátaí agus iad a ċur ar stór i bpoll nó ar loċta nó in-áit éigin eile. Conus a ḋeintear na puill prátaí? An fada a fágtar na prátaí ionnta?

An mó sagas prátaí a ḟásann i t'áit féin? Cad iad na h-ainmneaċa atá orta? Ciacu ḋíoḃ is fearr?

Scríoḃ síos aon ḟocail a ḃaineann le prátaí do ċur (sciollán, sciollóg, seacaiḋe, caistín, máilín sáiḋte ⁊rl.).

An n-úsáiḋtí prátaí ċun *starch* sa ċeanntar? An faḋó ṡin é? Conus a ḋeintí é?

Cúntas ar arán a ḋeintear do ṗrátaí.

## SEANḞOCAIL

Scríoḃ síos na seanḟocail go léir do ċualaís á úsáiḋ ag muinntir t'áite féin ċom fada agus is cuiṁin leat iad.

Aon tseanḟocal do cumaḋ i t'áit féin ar ócáiḋ áiriṫe ba ċóir é ċur síos. Is minic scéal ag dul le seanḟocal á ṁíniú cad é an fáṫ gur ceapaḋ é. Seo soluiḋ:

An seanḟocal úd: "Ag réiḋteaċ ċuige mar a ḃí Taḋg na Spréaċ leis an ḃfiacail," adeirtear gurb é seo an bunús do ḃí leis. D'iarr fear éigin ar Ṫaḋg droċ-ḟiacail do ḃí aige do staṫaḋ ḋo. Ní raiḃ Taḋg ró-oilte ar an ḃfiaclóireaċt de ḋeallraṁ agus sa ḃfuirseaḋ do staṫ sé fiacail ṡlán a ḃí taoḃ leis an droċ-ċeann. D'innis fear na fiacaile ḋó é aċ ní raiḃ Taḋg gan leat-scéal. "Ag réiḋteaċ ċuige a ḃíos, a ḋuine," aduḃairt sé. 'Sé adeir daoine i n-áiteanna áiriṫe riaṁ ó ṡin nuair ná deineann siad niḋ mar ba ċóir é ḋéanaṁ: "Ag réiḋteaċ ċuige a ḃíos mar a ḃí Taḋg na Spréaċ leis an ḃfiacail." Scéal é sin atá coitċianta san Eoróip, ċoṁ maiṫ.

Níl ceanntar i n-Éirinn ná h-innstear scéalta mar sin gur bunuiġeaḋ seanḟocal nó abairt orta. Is fearr abairt nó seanḟocal áiteaṁail mar sin do scríoḃaḋ síos ná céad ceann do scaipeaḋ tré leaḃraiḃ, agus abairtí iasaċta a ḃfurṁór.

## FÉILÍ NA BLIAḊNA

Ní mar a ċéile na nósanna a ġaḃann le Féilí na bliaḋna n-aon dá ċeanntar. Lá 'le Stiopán, abair: i n-áiteanna



téiġeann garsúin ó ṫiġ go tiġ agus tor aca agus ribíní agus dreoilín air agus aṁrán aca á ġaḃáil. I n-áiteanna eile is iad na fir agus na h-ógánaiġ fásta a ṫéiġeann timċeall ar ċapaill agus ceól aca á ṡeinnt. Ba ċeart gaċ nós mar sin a ḃaineann le féilí na bliaḋna iḋ' ċeanntar féin do scríoḃaḋ síos.

'Siad so na féilí is iomráiḋtiġe sa ḃliain: Lá 'le Briġde, Lá 'le Pádraig, An Inid, Máirt na h-Inide, An Carrġas, Céadaoin an Luaiṫriḋ, Domhnaċ na Cailce, Diardaoin na Comaoine, Aoine an Ċéasta, Saṫarn agus Domhnaċ na Cásca, Domhnac agus Luan Cingcíse, Lá Cuirp Ċríost, Lá Bealtaine, Seana-Ḃealtaine, Féile Naoiṁ Eoin (Lá 'le Seáin), Lá 'le Peadar agus Pól, Lá 'le Muire sa ḃFoġṁar (Lugnasa 15), Féile Ṁíċíl, Lá 'le Mártain, Lá 'le Tomás, Samain (Lá Saṁna agus Oiḋċe Ṡaṁna), Dá Lá Ḋéag na Nodlag, Oiḋċe Nodlag, Lá Nodlag, Lá 'le Stiopán, Oiḋċe Ċinn Bliaḋna, Lá Coille, Nodlaig Ḃeag (Nodlaig na mBan) ⁊rl.

Scríoḃ síos cúntas ar gaċ nós agus ar gaċ cleaċtaḋ a ḃaineann le gaċ féile ḋíoḃ san i t'áit féin. Ní h-ionann nósanna aon dá ċeanntar ar ḟéilí áiriṫe. Sompla: i n-áiteanna tugtar Oiḋċe Nodlag ar oiḋċe an 24aḋ lae do'n ṁí sin, ar an oiḋċe ina ḋiaiḋ sin i mballaiḃ eile. Conus tá an scéal iḋ' ċeanntar-sa?

Aon scéal nó abairt nó rann atá ag muinntir na h-áite i dtaoḃ féile ar biṫ aca scríoḃ síos é.

## AINṀIḊTE NA FEIRME

Cad iad na h-ainṁiḋte feirme atá agaiḃ sa ḃaile?

An ḃfuil ba agaiḃ? Cad iad na h-ainmneaċa a ṫugann siḃ orta (Cúibí, Bléimfionn ⁊rl.)? Cad deireann fear nuair a ḃíonn na ba á ṫiomáint aige (haba! haba! ⁊rl.)? Ainmneaċa na ngaṁna?

Cad é an ainm a ṫugann siḃ ar ṫiġ na mbó? Cad a cuirtear mar easair fés na buaiḃ? Conus a ceangluiġtear na ba agus na gaṁna? Ainmneaċa na gceangal san áit? An ndeintear na ceangail san áit?

An gcroċtar aon niḋ i dtiġ na mbó ċun go mbeiḋ an raṫ ar an stoc?

Scríoḃ síos aon scéal nó seanċas atá san áit i dtaoḃ

ba do ċrúḋ: ba do ċaill a gcuid ḃainne; ba gur deineaḋ ciorrḃaḋ (moṫú) orṫa le droċ-ṡúil ḋuine éigin; bainne do ḋortaḋ le linn crúiḋte; ba do ċrúḋ t'réis laoġ do ḃreiṫ ⁊rl.

Eolas mar sin do scríoḃaḋ síos i dtaoḃ capaill, ċoṁ maiṫ: an stábla, biaḋ capaill, cruiḋte capaill, ceannsú capaill, clúiṁ-ḃearraḋ. Scéalta i dtaoḃ capaill iongantaċa do ḃí ann sa tseanraċt: capaill do ḃuaiḋ mórán ráiseanna, capaill do ṫug seaċt mbliaḋna i stábla ⁊rl.

Scéalta agus seanċas i dtaoḃ muca agus gaḃair agus caoiriġ. Conus do deineaḋ an ċéad ṁuc ⁊rl.

Conus a glaoiḋtear na h-ainmiḋṫe agus na h-éanlaiṫe feirme ċun biḋ (tioc! tioc! do ċearcaiḃ ⁊rl.)? Niḋṫe ana-ṡeannda iseaḋ iad so agus ba ċóir iad do ċur síos.

Scéalta agus píosaí i dtaoḃ cearca agus sicíní, géanna agus laċain ⁊rl. Cúntaisí i dtaoḃ guir agus uiḃeaċa guir. An gcuirtear marc d'aon tsórt ar na h-uiḃeaċa sin?

Na scéalta beaga simpliḋe sin i dtaoḃ ainmiḋṫe táid scaipṫe ar fuaid na h-Eórpa go léir agus cuid aca ar fuaid an doṁain ṁóir. Níor ċeart oiread agus ceann aca do leigint 'on ċré leis na seandaoine.

## An Ċuigeann

An ḃfuil meadar agaiḃ sa ḃaile? Cad é an ainm a tugtar air (meadar, maoi ⁊rl.)? Cad é an aoirde atá aige? Cad é an ḟaid ó ṫaoḃ taoḃ é ina ḃun agus ina ḃarr? An fada ó deineaḋ é? Cad iad na h-ainmneaċa a tugtar ar ġléiseanna na meidre (loiniṫe, clúid ⁊rl.)? An gcuirtear marc d'aon tsórt 'ar ċliaṫán nó ar ṫón na meidre?

An minic sa tseaċtṁain a deintear im sa tSaṁraḋ agus sa Ġeiṁreaḋ?

Cé ḋeineann an ċuigeann? Má ṫagann stróinséir isteaċ le linn na cuiginne an mbuaileann seisean greas uirṫe? Cad 'na ṫaoḃ san? An fada a ḃíonn cuigeann á ḋéanaṁ? An n-oibriġtear na láṁa nó na cosa le na linn? An n-oibriġtear an loiniṫe síos suas nó ó ṫaoḃ taoḃ nó timċeall i ḃfáinne?



Conus aiṫniġtear go mbíonn an ċuigeann déanta? Scríoḃ cúntas ar an tsliġe tógtar amaċ an t-im. Cad deintear leis annsan?

Cad deintear leis an mbláṫaiġ?

Scríoḃ síos aon scéal eile nó píosa seanċais i dtaoḃ na cuiginne a ċualaís i t'áit féin.

## Cúram na gCos

Cad é an t-aos a ḃíoḋ ag daoine sa tsean-aimsir sara gcaiṫidís bróga? An ḃfuil tráċt ar ḋaoine nár ċaiṫ aon ḃróg riaṁ? Leanḃaí an lae inniu an gnáṫaċ leó dul cosnoċt tamall do'n ḃliain? Cúntas ar an nós san fé mar a ḃíonn anois agus fé mar a ḃíoḋ.

Uisce na gcos. An t-uisce go niġtear na cosa ann cad a deintear leis? Scríoḃ síos aon scéal nó pisreóg atá ag daoine ina ṫaoḃ.

Bróga. An ndeintear bróga san áit anois? An ndeisiġtear bróga ann? Scríoḃ síos focail agus abairtí a ḃaineann leis an obair (paiste, taoiḃín, ṗeiḋre tosaiḋe, ⁊rl.). An raiḃ an ċeárd ag na gréasaiḋṫe le sinnsearaċt? An flúirsiġe a ḃíoḋ gréasaiḋṫe san áit fadó ná mar atáid anois?

An gcaiṫtí bróga bonn-aḋmaid san áit fadó? Cá ndeintí iad? An gcaiṫtear fós iad? An leasuiġtí leaṫar san áit? An fadó ṡin é? Cá mbíoḋ an obair ar siuḃal?

An gcuirtí píosaí de ṡeiṫí ainmiḋṫe (ba, caoiriġ ⁊rl. timċeall na gcos aon am?

## An Gaḃa agus an Ċeardċa

An mó ceardċa sa ṗarróiste? Cé h-iad na gaiḃne gur leó iad? Ar ġaiḃne a muinntir rómpa? Cá ḃfuil gaċ ceardċa díoḃ (baile fearainn, bóṫar, cros-ḃóṫar, sruṫán ⁊rl.)?

An ceann tuiġe atá ar an gceardċain nó cad é féin? Cuma an dorais? An mó teallaċ istiġ sa ċeardċain?

Cad é an saġas na builg? Ar ḋeineaḋ san áit iad? Cad iad na h-uirlisí a ḃíonn ag an ngaḃa i mbun a ċuid oibre?

An gcuireann an gaḃa cruiḋte fé ċapaill; fé asail; fé ḃuaiḃ nó fé ḃallánaiḃ?

An ndeineann an gaḃa airm oibre (uirlisí feirme) mar ċéaċtaí, bráċaí nó cliaṫaċa, ráṁainní, sluaiste, pící, tuaġanna? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ san agus i dtaoḃ na h-oibre eile a ḃíonn ar siúḃal aige: buinn a ċur ar roṫaiḃ, geataí do ḋéanaṁ, spealtraċa do ċur i dtreó ⁊rl.

An ndeineann an gaḃa aon ċuid do'n obair amuiġ fé'n aer? Canad? Cad é an saġas oibre é?

Scríoḃ síos aon ḟocail nó abairtí a ḃaineann le gaiḃneaċt.

An ndeintí úsáid aon uair d'uisce ceardċan nó dos na blúirí dearga iarainn d'imṫeoċaḋ. do'n inneoin? Cad é féin?

An raiḃ cáil aon uair ag an ngaḃa ċun ruḋaí speisialta (ceann gaċ mairt do marḃuiġtí: "cuid an gaḃa an ceann")? An gcuireaḋ daoine bronntanaisí ċun an gaḃa ṫar éinne eile? An raiḃ coṁaċtaí móra ag an ngaḃa, dar le daoine (ċun franncaiġ do ḋíbirt, ċun aicídí do leiġeas, ċun fiacla do ṫarrac)?

Scríoḃ síos aon scéal atá ag na daoine i dtaoḃ gaḃa do ḃí ana-láidir.

Cuir síos aon ṗíosa seanċais is féidir leat faġáil i dtaoḃ ceardċain agus gaiḃne na seanaimsire. Aon ċúntas i dtaoḃ Gaiḃleann (Gaiḃdeann) Gaḃa Gaḃa an tSuic, Gaḃa na gCleas, Gaḃa na Maiṫeasa ⁊rl.

An mbíoḋ scéalta fada Fiannaiḋeaċta á insint ins na ceardċain fadó? Cúntas.

An ndeintí pící nó tuaġanna ċun troda i n-aon ċeardċain sa ċeanntair aon uair? Cúntas. An raiḃ baint ag ceardċain aca aon uair le caṫ mór staireaṁail?

Baineann na ceisteanna so go léir le seana-ċeardċain atá leagṫa ċoṁ maiṫ leis na cinn atá fós ina seasaṁ.

## Éadaiġe

An mó táilliúir sa ṗarróiste anois? Cá n-oibriġeann siad—sa ḃaile nó an dtéiġeann siad ó ṫiġ go tiġ do réir mar a ḃíonn gnó díoḃ?



An gnáṫaċ le táilliúir éadaċ a ḃeiṫ sa tiġ aige le díol? Éadaċ siopa nó éadaċ a fiġeaḋ san áit? An gcaiṫeann na daoine cultaċa d'éadaċ na h-áite do ġnáṫ? Cad é an saġas éadaiġ é?

Scríoḃ síos aon abairtí nó seanfocail nó scéalta atá ag na daoine i dtaoḃ táilliúirí.

Cad iad gléiseanna oibre an táilliúra?

An ndeintear léinteaċa ins na tiġṫiḃ? Cad é an saġas éadaiġ a ḃíonn ionnta? Ar deineaḋ léinteaċa riaṁ san áit de línéadaċ an ḃaill?

An gcniotáltar stocaí san áit? Cá ḃfaġtar an snáṫ? An ḃfuil aon turn (túirne) san áit? An mó ceann?

An gcaiṫeann na daoine éadaiġe speisialta ar aon ócáid (ar féilí áiriṫe, i ndiaiḋ báis duine, ar ócáid ṗósta ⁊rl.)? Scríoḃ síos cúntas ina dtaoḃ san.

## Scéalta Cráḃaiḋ

Is mó scéal i dtaoḃ an tSlánaṫóra agus a Ṁáṫar agus Naoṁ Seosaṁ i mbéalaiḃ na ndaoine. Scéalta iad ná fuil sa Tiomna Nua. Táid ana-ṡeannda mar sin féin. Sompla an ceann so:

"Nuair a ḃí Muire Máṫair agus Naoṁ Seosaṁ ag teiċeaḋ 'on Éigipt le h-Íosa do ṫuġ fir oibre a ḃí ag cur síl biaḋ agus caḃair dóiḃ. D'ḟás an síol láiṫreaċ agus d'aibiḋ, agus tosnuiġ na fir á ḃaint lá'r na ḃáireaċ. Ṫáiniġ saiġdiúirí Héród ċúca ag cuardaċ do'n triúr. Duḃairt na fir oibre le fírinne gur ġaḃ a leiṫéid do ṫriúr an tsliġe an lá ḃí an barra san á ċur aca. Ċeaṗ na saiġdiúirí annsan gur ráiṫe roimis sin é agus nárḃ iad an triúr ceart iad. Ḃíodar ar tí iompoḋ aḃaile arís nuair do labair an deargadaol ó'n ḃféar do ġlór lag: 'Inḋé! Inḋé!' arsa sé. Ṫuiġ na saiġdiúirí annsan conus do ṫárla agus leanadar orta sa tóir.

"Ní maiṫ le h-éinne an deargadaol riaṁ ó ṡin."

Baineann scéalta mar so go minic le cearca ⁊rl., le h-ainmiḋte agus le h-éin agus le feiṫidí agus le h-éisc. Tá a lán aca scaipṫe ar fuaid na h-Eórpa agus i n-áiteannaiḃ eile.

Ba ċóir gaċ scéal díoḃ a scríoḃaḋ síos.

## Naoṁ Páṫrúin an Ċeanntair

Ainm an Naoiṁ fé mar atá sé ag na daoine? An raiḃ mainistir nó teampoll nó cill ag an Naoṁ nó ag a ċuid manaċ san áit? A ainm sin? An ḃfuil sé ina ṡeasaṁ fós?

Scríoḃ síos aon ċúntas nó píosa seanċais atá ag muinntir na h-áite i dtaoḃ an Naoiṁ. Ar ḋein an Naoṁ aon ṁíorḃailtí ann? Cúntas orṫa.

Cár cuireaḋ an Naoṁ? Ar baisteaḋ áiteanna áiriṫe sa Ċeanntar ó'n Naoṁ? Cúntas orṫa san. An ḃfuil tobar beannuiṫe sa ṗarróiste a luaiḋtear le h-ainm an Naoiṁ? An ḃfuil paidir ag na seandaoine a ḃaineann leis an Naoṁ san?

An mbaistṫear leanḃaí d'ainm an Naoiṁ sa Ċeanntar fós?

An mbíonn Lá 'le an Naoiṁ ina lá mór saoire san áit? An ndeineann daoine obair an lá san? Cad do ṫárla do ḋaoine do ṫug easonóir do'n Naoṁ?

## An t-Aonaċ

Cá mbíoḋ na h-aontaiġe fadó? Ins na bailte móra, gcoṁnuiḋe? An ḃfuil aon áit sa Ċeanntar, ar an gcnoci abair, nó le h-ais teampuill nó caisleáin nó ráṫa go dtugtar Páirc an Aonaiġ mar ainm uirṫe? Cad ba ċiall leis sin?

An dtéiġeaḋ ceannuiġteoirí ó ṫiġ go tiġ fé'n dtuaiṫ ag ceannaċ stuic ⁊rl.?

An mbíoḋ aontaiġe fadó ann ná fuil ann i n-aon ċor anois? Cad 'na ṫaoḃ gur cuireaḋ deire leó? An ḃfuil páirc speisialta sa tsráid le h-agaiḋ aontaiġe? An n-íoctar paiḋc (toll) ar gaċ beiṫiḋeaċ a díoltar? Cé leis a n-íoctar é? An mór é? Cad é an bunús a ḃí leis an gcleaċtaḋ san?

An dtugtar "éirnist" (airgead ċun raṫa) le gaċ beiṫiḋeaċ a díoltar? Cad é an ainm a tugtar ar an airgead san? An mór é? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ.

Cad a deintear ċun a ṫeasbáint go ḃfuil sé ina ṁargaḋ



(seile do ċaiṫeaṁ ar ḋeárnain na láiṁe, duine aca do ḃualaḋ an duine eile i mbais na láiṁe le n-a ḃais féin ⁊rl.)?

Conus a marcáltar na beiṫiḋiġ nuair a ḃíonn siad díolta (le breasail nó tarra, le laiṫiġ ar ḃarr maide, le marc a ġearraḋ sa ḃfionnaḋ ⁊rl.)? Innis é seo go cruinn, le d' ṫoil.

An dtugtar an ceannraċ nó an braiġdeán le capall nó le bó nuair a díoltar iad?

Cad iad na h-aontaiġe is mó le ráḋ sa ḃliain i t' áit féin? An mbíonn aontaiġe fé leiṫ do ċaoiriġ agus do ḃanḃaiḃ agus do ċapallaiḃ?

Tionóltar a lán aontaiġe anois i n-áiteannaiḃ 'na mbíoḋ cruinniṫe móra ar ċúis éigin fadó. Má tá aon tseanċas i na dtaoḃ san ba ċóir é scríoḃaḋ síos.

## An Tiġearna Talṁan

Cérḃ iad tiġearnaí talṁan an Ċeanntair? An fada san áit dóiḃ?

Cad a ċeapaḋ na daoine díoḃ? Ar cuireaḋ daoine as seilḃ ar aon ċúis sa Ċeanntar riaṁ? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ. Cár imṫiġ na daoine do cuireaḋ as seilḃ?

Conus a fuair an tiġearna sealḃ ar ṫalaṁ sa Ċeanntar ar dtúis? An fé n-a stiúrú san do roinneaḋ an talaṁ ina ḟeirmeaċaiḃ? Scríoḃ síos aon ċúntas atá ag na daoine i dtaoḃ roinnt na talṁan.

An raiḃ smaċt mór ag na tiġearnaí ar na tineóntaiḋṫe? Cúntaisí i na ṫaoḃ san.

Deaċṁaiḋṫe: An mbailiġtí iad san sa Ċeanntar aon uair? Cé ḃailiġeaḋ iad agus cé ġeiḃeaḋ iad? Cad a bailiġtí: airgead nó cuid do ḃarra éigin nó cuid do'n stoc eallaiġ? Scríoḃ síos aon scéal atá ag na daoine i dtaoḃ na ndeaċṁaiḋṫe.

Aon ċúntas, beag nó mór, atá ag na daoine i dtaoḃ na dtiġearnaí talṁan (cíos, báillí, cur as seilḃ ⁊rl.) scríoḃ síos é. Ḃí ċoṁ cruinn agus ḟéadfair é.

## Biaḋ na Sean-aimsire

An mó béile biḋ sa ló d'iteaḋ na daoine fadó? Cad

é an ainm a ḃíoḋ aca ar gaċ béile? Caṫain d'iṫdís iad? Ar gnáṫaċ le daoine obair a ḋéanaṁ roimis an gcéad ḃéile ar maidin?

Cad a ḃíoḋ aca le n-iṫe ag gaċ béile? An n-iṫdís prátaí (fataí) go minic? An n-óltaí a lán bainne? Cad é an sagas bainne é?

Cá mbíoḋ an bórd? I lár an tiġe nó i gcoinniḃ an falla? An gcroċtaí an bórd suas leis an bfalla ċoiḋċe nuair ná bíoḋ béile ar siuḃal?

An mó sagas arán a ḃíoḋ ag na daoine fadó? Cad é an ainm a tugtaí ar gaċ sagas de? Conus a deintí é?

An n-iṫtí feoil go minic fadó? Feoil ġuirt nó feoil úr? Cad é mar ságas feola ḃíoḋ aca? An n-iṫtí iasc? Cá ḃfaiġtí é sin?

An mbíoḋ biaḋ de sórt áiriṫe aca ar ócáidí speisialta? Cad é féin? Caṫain a ḃíoḋ sé aca (e.g. uiḃe Doṁnaċ Cásca, priáil mar annlann um Nodlaig, cnuasaċ trága Aoine an Ċéasta ⁊rl.)?

Aon tságas eile bíḋ do ḃíoḋ ag daoine fadó? Cúntas.

An cuiṁin le daoine tae do ṫeaċt go dtí an ceanntar an ċéad uair riaṁ? An mbíoḋ cupáin ann roimis sin? Cad a ḃíoḋ aca?

## peil agus iomáin

Scríoḃ síos cúntas i dtaoḃ cluiċe éigin peile nó iomána (iománuiḋeaċta) do h-imriġeaḋ i t'áit féin.

Cé ḃí ag imirt? An mó fear a ḃí ar gaċ taoḃ? Cérḃ iad na captaein? Conus a toġaḋ na fir? Cár imriġeaḋ an cluiċe? An dá ḃaile nó dá ṗarróiste a ḃí i gcoinniḃ a ċéile? Cé ḃuaiḋ? Cérḃ iad na h-imriteoirí ab' fearr?

An mbíoḋ fir ag imirt i gcoinniḃ a ċéile ad' iarraiḋ an liaṫróid a ċur ó ḃaile go baile eile? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ san. Conus a ḃíoḋ na h-imriteoirí gléasta?

Conus a deintí coṁtrom na Féinne a réiḋteaċ eatorṫa?

Cad é an sagas liaṫróide ḃíoḋ aca? An mbíoḋ sé an-ṁór? Cá ndeintí é? An mbíoḋ bataí ag marcáil an ḃoga aca?

Cad é an sagas camáin a ḃíoḋ aca? Scríoḃ cúntas ina



dtaoḃ. Cérḃ iad na h-iománuiḋṫe ba ṁó le ráḋ sa ċeanntar fadó?

Cad iad na cluiċí eile d'imrigtí fé'n aer san áit fadó? Liaṫróid láiṁe? Doḃlaí? Caiṫeaṁ an úird? Cá n-imrigtí na cluiċí sin (páirc, baile, bóṫar ⁊rl.)?

## sean-scéal

Scríoḃ síos aon tseanscéal do ċualais i t'áit féin i dtaoḃ na ndaoine seo: Fionn Mac Cuṁaill, Oisín, Oscar, Conán Maol, Diarmuid Ó Duiḃne, Goll Mac Mórna, Caoilte, Gráinne, Niaṁ Ċinn Óir.

An raiḃ baint ag na Fianna le h-aon áit sa ċeanntar, do réir an tseanċais (e.g. aon ċarraig do ċaiṫ Fionn ó áit aṁáin go h-áit eile; "Leabaiḋ Ḋiarmuda" ⁊rl.)?

An ḃfuil aon scéal san áit i dtaoḃ Oisín agus Naoṁ Pádraig?

Aon scéal i dtaoḃ na ndaoine seo: Concuḃar Mac Neasa, Cú Ċulainn, Cú Ċonaill, Conall Cearnaċ, Deirdre?

An ḃfuil aon áit sa ċeanntar go nglaoḋtar "folaċ fiaḋ" nó ainm éigin mar sin uirṫe?

Aon scéal do ḃéaḋ á innsint i n-aice na teine sa ġeiṁreaḋ: Mac na baintriġe; ingean an Ríoġ; bean an Ríoġ agus a leasṁac; Gobán Saor; Triúr Cloinne na Ḃarrscolóige; Céataċ; Conall Gulban; Cluas le h-Éisteaċt; Cos fé Ċrios ⁊rl.; bád do raġaḋ ṫar muir agus tír; saiġdiúirí do marḃuiġtí gaċ lá agus ḃídís beó arís ar maidin.

Aon tseanscéal eile?

Is cuma na scéalta so a ḃeiṫ i gcló ċeana féin nó gan a ḃeiṫ, scríoḃ síos iad fé mar atá siad i t'áit féin. Cuir síos ainm, aois agus seolaḋ an duine d'innis gaċ scéal duit. Mara ḃfuil aċ smut do scéal ag seanċaiḋe scríoḃ síos an smut san. Ceistiġ an seanċaiḋe féaċaint cá ḃfuair seisean an scéal agus scríoḃ síos an t-eolas san, leis.

## aṁrán

Scríoḃ síos aṁrán do ċualais ag duine éigin san áit.

Má's féidir leat a innsint cé ċeap an t-aṁrán agus cad 'na ṫaoḃ gur ceapaḋ é scríoḃ síos an t-eolas san.

## SEAN-IARSMAÍ

An ḃfuil seana-ċroiseanna nó gollám i na seasaṁ i n-aon áit sa ċeanntar? Innis go cruinn cá ḃfuilid. Ní gá cúntas a scríoḃaḋ i dtaoḃ croiseanna agus a leiṫéidí do cuireaḋ suas le cuiṁne na ndaoine.

An ḃfuil cloċa sa ċeanntar go ḃfuil scríḃinn nó órnáid do ṡagas éigin orṫa? Cá ḃfuilid? Cad é an sagas órnáide ⁊rl., atá orṫa? Cloċa gur cuireaḋ puill ionnta ar ċúis éigin?

Scríoḃ síos aon ċúntas atá ag na daoine i dtaoḃ na gcloċ so: an té do cuireaḋ ann, an t-am do tógaḋ an ċloċ, oscailt na h-uaga fé'n gcloiċ aon uair ⁊rl.

An ḃfuil cloċa Ógaim nó cloċa d'aon tsórt san áit go ḃfuil marcanna éagsaṁla orṫa? Innis go cruinn cá ḃfuil na cloċa san.

An ḃfuil cearcail cloċ san áit (cloċa móra ina seasaṁ i ḃfáinne)? Cá ḃfuilid? Cúntas ina dtaoḃ. An ḃfuil cromleac (gollán ina ṡeasaṁ agus carraig ṁór mar ċaipín air) san áit?

An ḃfuil cairn cloċ san áit i gcuiṁne ar ḋuine éigin do cailleaḋ amuiġ nó do marḃuiġeaḋ? Cad deireann duine nuair a ċaiteann sé cloċ ar ċarn na marḃ?

Scríoḃ cúntas i dtaoḃ aon iarsmaí eile atá san áit.

## ARÁN

Scríoḃ síos cúntas i dtaoḃ aráin na seanaimsire.

An ndeintí arán do ṗlúr cruiṫneaċtan nó do ṁin-ċoirce? An meileaḋ na daoine an gráinne sa ḃaile? Conus a ḋeinidís é? Scríoḃ cúntas mar ġeall ar na brómte ⁊rl., do ḃíoḋ aca ċun na h-oibre. An ḃfuil aon ḃró á úsáid san áit anois?

An ndeintí arán d'aon tsagas speisialta fadó? Cad do a ndeintí é (prátaí, bocstí, steaimpí ⁊rl.)? An ndeintear fós é? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ.

Cá gcuirtí an t-arán le bácáil? Cad é an ainm a ḃí ar árus an aráin (oiġeann, bácús, bastable ⁊rl.)?

An ndeintí arán ar an ngreidoill san áit fadó? Scríoḃ tuairisc mar ġeall air sin. Cad é an ainm a ḃíoḋ ar an seastán a cuirtí fé'n ngreidoill? An mbíoḋ crann (maide) aráin aca? Cad ċuige é sin?



An ndeintí arán do ṡagas fé leiṫ ar aon ócáid speisialta? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ san.

An gcuirtí cros nó marc ar ḃarr an ċíste? Cad ċuige é?

Baineann na ceisteanna so go léir le h-arán an lae indiu, ċoṁ maiṫ.

## DÍOL AGUS CEANNAĊ

An mbíoḋ siopaí go flúirseaċ sa ċeanntar san san tsean-aimsir? Cá gceannuiġeaḋ na daoine na rudaí a ḃíoḋ ag teastáil uaṫa? An mbíoḋ earraiḋe á ndíol tar éis Aifrinn i n-aice an t-séipéil? Scríoḃ cúntas i dtaoḃ na níḋṫe sin.

An mbíoḋ airgead flúirseaċ sa tseanaimsir? An é ḃíoḋ ag daoine á úsáid? An malartuiġdís earraiḋe ar earraiḋe eile? Cad iad na h-earraiḋe sin? Taḃair cúntas i dtaoḃ an ġnóṫa san. An dtugaḋ daoine laeṫeannta oibre ar son earraiḋe?

An mbíoḋ mí-ádh, dar le daoine, ar ċúrsaí gnóṫa do cuirfí ċun cinn laeṫeannta áiriṫe? Cad iad na laeṫeannta san? An mbíoḋ leisce ar daoine aon níḋ do ḋíol nó do ċeannaċ ar an nDoṁnaċ?

Cá mbíoḋ an margaḋ ar siuḃal sa tseanaimsir? An mbíonn sé fós ann? Scríoḃ cúntas i dtaoḃ margaiḋṫe agus cúrsaí gnóṫa do ḃíoḋ ar siuḃal fadó agus atá imiṫe ar ceal ar fad anois.

Scríoḃ cúntas ar ṗeidléirí agus hucstaeirí agus mangairí do ḃíoḋ ag taisteal ar fuaid na gceanntar fadó. Cad a ḃíoḋ aca san á ḋíol? An gceannuiġeaḋ luċt taistil mar sin earraiḋe d'aon tsórt?

Airgead. Seanċas ina ṫaoḃ. Scéalta i dtaoḃ airgid agus i dtaoḃ píosaí airgid (píosa ḋá scilling do ṫiocfaḋ ṫar n-ais i seilḃ an duine gur leis é i gcoṁnuiḋe).

## TIĠṪE NA SEAN-AIMSIRE

Scríoḃ síos aon ċúntas is féidir leat ḟagáil ó sna seandaoine i dtaoḃ na dtiġṫe do ḃíoḋ ann fadó.

Cad a bíoḋ mar ċeann ar na tiġṫe sin? Tuiġe nó slinn nó fraoċ nó cad é féin? Cá bfaiġtí an tuiġe nó na slinnte?

An mbíoḋ leabaiḋ sa ċistin ins na tiġṫib fadó? Cad é an áit sa ċistin a mbíoḋ an leabaiḋ sin? Cad é an ainm a bíoḋ uirṫe (cailleaċ?)? Cé ċodluiġeaḋ innte sin?

Cá mbíoḋ an teinteán? I gcoinniḃ an ṗiniúra nó sa ċúinne? An mbíoḋ simné istiġ ins na tiġṫib fadó? Cad é an mianaċ a bíoḋ ann—cloċa agus moirtéal nó cliaṫaċa agus cré nó cláraċa? An gcualaiḋ na sean-daoine aon tráċt riaṁ ar ṫiġ go mbíoḋ an teine ar an urlár i lár na cistineaċ?

An mó doras a bíoḋ ins na tiġṫib fadó? Cá mbíoḋ na dóirse? Cad a bíoḋ aca mar ċoṁla ċun an dorais a ḋúnaḋ? An mó fuinneóg a bíoḋ ins na tiġṫib? Cad a bíoḋ ionnta sarar cuireaḋ gloine ionnta?

Cad a bíoḋ mar ṁianaċ san urlár?

An mbíoḋ leaṫ-ḋoras i ngaċ tiġ?

Cad a bíoḋ ag na daoine ċun teine—aḋmaḋ nó móin nó gual nó cad eile?

Cad a beireaḋ solas dóiḃ istiġ sa tiġ san oiḋċe—scuilb ġiuṁaise nó sligí nó geatairí nó coinnle ⁊rl.? An ndeintí coinnle san áit? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ san agus i dtaoḃ na gcóraċa solais go léir do bíoḋ aca fadó.

## Fataiġ agus Cailleaċa

Scríoḃ síos aon scéal do ċualaís san áit i dtaoḃ fataiġ.

An raiḃ baint ag aon ḟataċ leḋ' ċeanntar féin do réir an tseanċais? Cá raiḃ coṁnuiḋe air? An mbíoḋ sé ag troiḋ i gcoinniḃ fataiġ eile? Cá raiḃ an coṁrac eatorṫa? An luaḋann an seanċas aon ċarraig nó cnoc nó aḃa nó a leiṫéiḋ le fataċ (e.g. gur ċaiṫ fataċ áiriṫe carraig le fataċ eile agus gurb í a leiṫéiḋ seo do ċarraig í)?

Scríoḃ síos aon scéal do ċualaís ag na daoine i dtaoḃ fir d'imir cleas ar ḟataċ mór (ag caiṫeaṁ cloċ, ag iṫe, á leigint air gur leanḃ sa ċliaḃán é ⁊rl.).

An mbíoḋ, do réir an tseanċais, cailleaċa ina gcoṁ-



nuiḋe san áit fadó? Cá raiḃ an tiġ (pluais, caisleán ⁊rl.) aca? Cad ab ainm do éinne aca? An fadó ṡin a bí sí ann? Cad é an saġas í? Aon scéal nó cúntas mar ġeall uirṫe? An bfuil aon scéal san áit i dtaoḃ Ċailleaċ Ḃéara, Cailleaċ Neifín, Cailleaċ an Daingin ⁊rl.? Scríoḃ síos é.

Is cuma an t-eolas i dtaoḃ na bfataċ agus na gcailleaċ a ḃeiṫ beag nó a ṁalairt ba ċóir gaċ blúire ḋe do scríoḃaḋ síos. Nuair a ḃeiḋ a lán scéalta do'n tsórt san bailiṫe i dteannta a ċéile féadfar iad a ṁeas agus a ċur i gcomparáiḋ le ċéile.

## Leipreaċáin agus Murḋuaċa

Cad é an ainm atá ag muinntir na h-áite ar an leipreaċán (luṫaragán? cluiṫearacán? geanncanaċ?)? Cad é an sórt é do réir an tseanċais? Cad é an airde atá aige? Conus a bíonn sé gléasta? Cá mbíonn coṁnuiḋe air?

Cad a bíonn ar siuḃal aige do ġnáṫ? Gréasaiḋeaċt nó cad eile? Scríoḃ cúntas i na ṫaoḃ san.

An mbíonn airgead aige? I bfolaċ i n-áit éigin nó i sparán? Scríoḃ síos aon scéal do ċualaís i dtaoḃ daoine do rug greim ar leipreaċán agus do bí ad' iarraiḋ a ċuiḋ óir ḟaġáil uaiḋ. Cad do ṫárla dóiḃ?

Ar ċaḃruiġ leipreaċán le h-éinne riaṁ i n-aon tsliġe? Nó ar ḃain sé díoġaltas do ḋuine éigin d'imir droċ-ċleas air?

An Ṁurḋuaċ: cad é an ainm atá uirṫe seo i seanċas t'áite féin (murḋuaċ, brúċ, maiġdean mara, geilt)? Cad é an saġas í? An leaṫ-iasc agus leaṫ-ḋuine í? An dtagann sí aníos ar ċarraigreaċa na tráġa coiḋċe? Cad a bíonn ar siuḃal aici? An mbíonn brat uirṫe? Ar sciob éinne an brat uaiṫe aon uair? Cad do ṫárla?

Scéalta fíor-ṡeannda iseaḋ iad so i dtaoḃ na leipreaċán agus na murḋuaċ. Táid scaipiṫe go fairsing ar fuaid na h-Eórpa. Ba ċeart gaċ aon ċeann aca atá le faġáil i n-Éirinn do ċur síos.

## Sean-ḟoirgniḋṫe

An bfuil aon tsean-ċaisleán sa ċeanntar? Cé ṫóg é?

Cér leis é? An fada tógṫa é? Conus a leagaḋ é? Cá ḃfuil an caisleán suiḋte (baile fearainn, parróiste, barúntaċt ⁊rl.)?

Ar deineaḋ ionnsuiḋe ar an gcaisleán aon uair? Scríoḃ cúntas ina ṫaoḃ san.

An ḃfuil aon tseanċas ag na daoiniḃ i dtaoḃ an ċaisleáin seo? Ar cuireaḋ daoine ċun báis ann?

An ḃfuil aon foṫraċ cille nó mainistreaċ san áit? Cad é an seanċas atá ag daoiniḃ ina ṫaoḃ san? Conus a deineaḋ é? Cér leis é? Cad do ṫárla gur fágaḋ mar seo é? An ḃfuil dóirse nó fuinneoga órnáideaċa nó a leiṫéid ann?

Scríoḃ cúntas i dtaoḃ aon túir (cloigṫeaċ) atá san áit. Caṫain do tógaḋ é? Cé ṫóg é agus cad é an ċúis a ḃí leis ⁊rl.?

An ḃfuil aon scéal san áit mar ġeall ar ṫeampoll (cúirt, caisleán, tiġ, mainistir, cloigṫeaċ ⁊rl.) do tógaḋ i n-aon oiḋċe amháin? Scríoḃ síos an scéal san. Aon scéal i dtaoḃ ainmiḋe (tarḃ) do ṫagaḋ san oiḋċe ċun fallaí teampoill do leagaḋ?

Seanċas luaċmhar é seo go léir i dtaoḃ na seanḟoirgniḋṫe agus ba ċóir gaċ aon ruainne de do ċur síos.

## Paidreaċa

Scríoḃ síos aon ṗaidreaċa do ċualais ag na daoine i t'áit féin, paidreaċa nár ḟoġluimiġis ar scoil ná as leaḃar.

Ḃíoḋ paidir i mbéalaiḃ na seandaoine le h-aġaiḋ gaċ ócáid: le linn dóiḃ dúiseaċt nó éirġe ar maidin; ag coigilt na teine dóiḃ; ag dul isteaċ sa teampoll, ⁊rl. Scríoḃ síos an méid díoḃ féadfair fáġáil.

Paidreaċa ana-ṡeannda iseaḋ an ċuid is mó aca so do cumaḋ ins na Meaḋon-Aoiseanna.

Scríoḃ síos iad do réir mar atáid ag na daoiniḃ is cuma iad a ḃeiṫ i gcló i n-aon áit nó gan a ḃeiṫ.

## An Reilig

An mó reilig sa ṗarróiste? Cad é an ainm atá ar gaċ ceann aca? Cá ḃfuilid? An gcuirtear daoine i ngaċ ceann aca fós? Cad é an ċuma atá orṫa, cruinn nó cearnógaċ? An ḃfuil foṫraċ cille nó teampoill i n-aon ċeann aca? An gcuirtear daoine sa ḃfoṫraċ?



An ḃfuil an reilig leiḃéalta nó an fánaiḋ í. Cad é an treó baill a ġaḃann an ḟánaiḋ? An ḃfuil crainn nó tuir sa reilig?

An ḃfuil aon tseana-ċroiseanna nó seana-ṫuambaí ann? Scríoḃ cúntas i na dtaoḃ san.

An ḃfuil aon reiligí díoṁaine sa ċeanntar? An fada ó cuireaḋ daoine ionnta? Aon tseanċas ina dtaoḃ? An ḃfuil cloċa órnáideaċa nó a leiṫéid i n-aon reilig aca?

Cá gcuirtí leanḃaí do caillti gan baiste? Cad a tugtaí ar na h-áiteanna-san (cillinig, ceallúnaig, ceallúraig ⁊rl.)? An úsáidtear iadsan fós?

Scríoḃ síos aon scéal nó píosa seanċais atá ag na daoine i dtaoḃ reiligí na parróiste.

An gcuirtear cuid do ṁuintir na parróiste lasmuiġ do'n ṗarróiste i reiligí iasaċta?

## Rudaí fé leiṫ go mbíonn meas orṫa

Is beag má tá tiġ i n-Éirinn ná fuil rud croċta suas ann nó i gcimeád i n-áit éigin ann i n-onóir do naoṁ nó d'ḟéile nó d'ócáid éigin.

Croiseanna: Crois Ṗádraig; Crois Ḃríġde. Conus a deintí iad san? Cad do a ndeintí iad? Caṫain a deintí iad? Cad 'na ṫaoḃ go ndeintí iad? Cá gcuirtí iad nuair a ḃídís déanta? Scríoḃ cúntas ina dtaoḃ agus cuir síos aon ṗíosa seanċais atá ag na daoine i na dtaoḃ.

Luiḃeanna agus craoḃaċa: cad iad na cinn a tugtaí isteaċ sa tiġ i riṫ na bliaḋna (e.g. cuileann um Nodlaig, "An Samhraḋ" Lá Ḃealtaine, An Ḟailm Ḃeannuiṫe Domhnaċ na Failme ⁊rl.). Cad é an seanċas a ḃí ag baint leó san?

Rudaí figte: rudaí déanta do ṫuiġe nó do ribíní agus a leiṫéid.

Píosaí éadaiġ: brat Ḃríġde, crios Ḃríġde ⁊rl.

Uisce as toiḃreaċa beannuiṫe. Uisce coisreacan a tabarfaí abaile ó'n séipéal lá áirite.

Cloċa nó cré do ṡaġas áiriṫe.

Aon rud eile do'n tsórt san go mbíoḋ meas fé leiṫ ag na daoine air?

## SEANĊAS STAIREAṀAIL

Má ḃí baint ag do ċeanntar féin le h-aon ġluaiseaċt i stair na tíre scríoḃ síos an seanċas atá ag na daoine ina ṫaoḃ. Cad do ṫárla san áit ar an ócáid sin?

Má's caṫ do ḃí i gceist cuir síos tuairisc mar ġeall air. Má's taoiseaċ áiteaṁail do ḃain clú amaċ dó féin sa ċúrsa san innis cérḃ é agus cad do ṫárla.

Cogaḋ na Talṁan: Éirġe amaċ 1798: Na Fíníní ⁊rl. An raiḃ baint ag muinntir na h-áite leó san i n-aon tslíġe?

Tá a lán seanċais ar fuaid na h-Éireann i dtaoḃ Ċromail. Má tá a leiṫéid i t'áit féin scríoḃ síos é.

Do ṫárla niḋṫe go raiḃ baint aca le stair na tíre id' ċeanntar féin uair éigin, ní foláir, cé nár tráċtaḋ orṫa amuiġ ná ins na leaḃraiḃ staire. Ba ċóir iad san do ḃreacaḋ síos go cruinn. Is tábaċtaiġe iad ná aon niḋ eile dá sórt.

## AINṀIḊṪE NEAṀ-ṠAOĠALTA

Scríoḃ síos aon ċúntas atá ag na daoine i t'áit féin mar ġeall ar ainṁiḋṫe móra (neaṁ-ṡaoġalta?) a ḃíonn le feiscint ó am go h-am san uisce.

Cad é an saġas ainṁiḋe é? Eaċ nó piast nó cad é féin? Cé ċonnaic é? An ḃfeactas go minic é? Cad a ṫárla? Ar deineaḋ aon iarraċt riaṁ ar an ainṁiḋe do ġaḃáil nó do ṁarḃú?

An mbíonn ainṁiḋṫe mar sin i ḃfeiḋil saiḋḃreas a ḃíonn i ḃfolaċ?

An ḃfuil eaċ uisce nó tarḃ uisce i n-aon loċ sa ċeanntar, do réir an tseanċais? Cad é an loċ é? Scríoḃ tuairisc ina dtaoḃ.

Scríoḃ cúntas mar ġeall ar aon ainṁiḋe éagsúil do ċonnactas san áit aon uair. Cad é an ċuma ḃí air?

An ḃfuil aon scéal ag na daoine i dtaoḃ bó siḋe nó a leiṫéid do ḃí i seilḃ duine. Cad do ṫárla ḋí?

Wt. 1957. 147. 2,000. 9/37. C.&Co. (C.1127). G.8.